2024/2934

25.11.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2934 ÓN gCOMHAIRLE

an 25 Samhain 2024

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) I bhfianaise a thromchúisí atá an staid sa tSiria, agus i bhfianaise athruithe i Rialtas na Siria le déanaí, ba cheart triúr a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 36/2012.

(3) Ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin atá liostaithe in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh 36/2012 a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 25 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

HANKÓ B.

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leanas:

(1) cuirtear na hiontrálacha seo a leanas leis an liosta a leagtar amach i roinn ‘A. Daoine’:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘359.	Louai Emad El-Din al-MUNAJJID **لؤي عماد الدين المنجد**	Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Aire Trádála Inmheánaí agus Cosanta Tomhaltóirí. Ceapadh i mí Mheán Fómhair 2024 é. IarAire Gnóthaí Sóisialta agus Saothair. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht ar Louai Emad El-Din al-Munajjid as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	an 25 Samhain 2024
360.	Firas Hassan QADDOUR فيراس حسان قدور	Dáta breithe: 1962; Áit bhreithe: an Damaisc; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Aire Peitriliam agus Acmhainní Mianra. Ceapadh i mí an Mhárta 2023 agus athcheapadh i mí Mheán Fómhair 2024 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht ar Firas Hassan Qaddour as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialtach.	an 25 Samhain 2024
361.	Ahmed Mohammad BUSTAJI **أحمد بوسته جي**	Áit bhreithe: Idleb; Náisiúntacht: Siriach; Inscne: fireann	Aire Stáit. Ceapadh i mí an Mhárta 2023 agus athcheapadh i mí Mheán Fómhair 2024 é. Ina cháil mar Aire Rialtais, tá freagracht ar Ahmed Mohammad Bustaji as an gcur faoi chois le foréigean a rinne réimeas na Siria ar an bpobal sibhialta.	an 25 Samhain 2024’

ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2934/oj

(2) i roinn ‘A. Daoine’, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 30:

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘30.	Mohammad (ar a dtugtar freisin Muhammad, Mohamed, Mohammed, Muhamad) al-MUFLEH (ar a dtugtar freisin al-Muflih) (محمد المفلح)	Dáta breithe: roimh 1964 Inscne: fireann	Ceann Fhaisnéis Mhíleata na Siria i mbaile Hama; ghlac sé páirt sa chniogbheartaíocht ar léirsitheoirí.	1.8.2011’